Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11313/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0231(COD)**

**CODEC 937**
**AGRILEG 114**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha a mhéid a bhaineann le dáta a chur i bhfeidhm agus dátaí áirithe eile dá dtagraítear sa Rialachán sin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 4 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2020. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 10582/20.
[2] 11525/20.

4. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 34/20 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– aontú le maolú ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal 1.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.